BREITHIÚNAS NA CÚIRTE (an Ceathrú Dlísheomra)

4 Meán Fómhair 2025*

(Tarchur chun réamhrialú – Daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil – Rialachán (AE) 2016/679 – Cearta an ábhair sonraí – Airteagal 17 – Ceart go léirscriosfaí sonraí – Airteagal 18 – An ceart go gcuirfí srian le próiseáil – Airteagal 79 – Ceart ar leigheas éifeachtach dlí a fháil – Próiseáil mhídhleathach ar shonraí pearsanta – Caingean d'fhonn ordú a lorg go staonfadh an rialaitheoir ó aon athphróiseáil mhídhleathach sa todhchaí – Bunús – Coinníollacha – Airteagal 82(1) – Ceart ar chúiteamh – An coincheap 'damáiste neamhábhartha' – Measúnú ar an gcúiteamh – Cur san áireamh féideartha thromchúis éagóir an rialaitheora – Tionchar féideartha 'urghaire coiscthí')

I gCás C-655/23,

IARRAIDH ar réamhrialú de bhun Airteagal 267 CFAE, ón Bundesgerichtshof (an Chúirt Bhreithiúnais Chónaidhme, an Ghearmáin), trí bhreith an 26 Meán Fómhair 2023, a fuarthas ag an gCúirt an 7 Samhain 2023, sna himeachtaí

IP

v

Quirin Privatbank AG,

tugann AN CHÚIRT (an Ceathrú Dlísheomra),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: I. Jarukaitis, Uachtarán Dlísheomra, N. Jääskinen (Rapóirtéir), A. Arabadjiev, M. Condinanzi agus R. Frendo, Breithiúna,

Abhcóide Ginearálta: M. Campos Sánchez-Bordona,

Cláraitheoir: A. Calot Escobar,

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn,

tar éis breithniú a dhéanamh ar na barúlacha arna dtíolacadh thar ceann na bpáirtithe seo a leanas:

– IP, ag M. Rodenhausen, Rechtsanwältin,

– Quirin Privatbank AG, ag F. Buchmann, Rechtsanwalt,

* Teanga an cháis: an Ghearmáinis.

– an Coimisiún Eorpach, ag A. Bouchagiar agus M. Heller, i gcáil Gníomhairí,

tar éis éisteacht le Tuairim an Abhcóide Ghinearálta ag éisteacht an 20 Márta 2025,

an Breithiúnas seo a leanas:

Breithiúnas

1 Baineann an iarraidh ar réamhrialú le léiriú ar Airteagail 17, 18, 79, 82 agus 84 de Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO 2016 L 119, lch. 1, 'RGCS').

2 Rinneadh an iarraidh sin mar chuid de dhíospóid idir IP, duine nádúrtha, agus Quirin Privatbank AG, cuideachta, maidir leis an iarratas ag an duine sin, ar thaobh amháin, go n-ordófaí don chuideachta sin staonadh óna shonraí pearsanta a athnochtadh go neamhúdaraithe do thríú páirtí agus, ar an taobh eile, go gcúiteofaí an damáiste neamhábhartha arna fhulaingt go líomhainte aige de dheasca na sonraí sin a bheith nochta an chéad uair.

An dlí

Dlí an Aontais

3 Is na focail a leanas atá aithrisí 1, 10, 11, 75, 85 agus 146 de RGCS:

'(1) Ceart bunúsach is ea cosaint daoine nádúrtha i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta. In Airteagal 8(1) den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ("an Chairt") agus in Airteagal 16(1) [CFAE], foráiltear go bhfuil ag gach duine an ceart go ndéanfar na sonraí pearsanta a bhaineann leis nó léi a chosaint.

[...]

(10) Chun leibhéal comhsheasmhach cosanta agus ardleibhéal cosanta a áirithiú do dhaoine nádúrtha agus chun na bacainní ar shreabhadh sonraí pearsanta laistigh den Aontas [Eorpach] a bhaint, ba cheart an leibhéal céanna cosanta a bheith i ngach Ballstát do chearta agus saoirsí daoine nádúrtha i ndáil le próiseáil sonraí den sórt sin. Ba cheart a áirithiú go gcuirtear na rialacha maidir le cosaint ceart bunúsach agus saoirsí bunúsacha daoine nádúrtha i bhfeidhm go comhsheasmhach agus go haonchineálach ar fud an Aontais i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil. [...] Déantar foráil sa Rialachán seo freisin go mbeadh lamháil solúbthachta ag na Ballstáit chun a rialacha a shainiú, lena n-áirítear a rialacha a shonrú maidir le catagóirí speisialta sonraí pearsanta ("sonraí íogaire") a phróiseáil. Sa mhéid sin, ní eisiann an Rialachán seo dlí Ballstáit lena leagtar amach na dálaí le haghaidh cásanna sonracha próiseála, lena n-áirítear na coinníollacha a chinneadh ar bhealach níos cruinne faoina bhfuil an phróiseáil a dhéantar ar shonraí pearsanta dlíthiúil.

(11) D'fhonn sonraí pearsanta a chosaint go héifeachtach ar fud an Aontais, tá gá le cearta na n-ábhar sonraí agus oibleagáidí na ndaoine sin a dhéanann sonraí pearsanta a phróiseáil, nó a chinneann an phróiseáil sin a dhéanamh, a neartú agus a leagan amach go mionsonrach, mar aon le cumhachtaí coibhéiseacha chun faireachán a dhéanamh agus chun a áirithiú go gcomhlíontar na rialacha maidir le cosaint sonraí pearsanta, agus tá gá le pionóis choibhéiseacha do sháruithe sna Ballstáit.

[...]

(75) Maidir leis na rioscaí i dtaca le cearta agus saoirsí daoine nádúrtha, ar rioscaí iad lena ngabhann dóchúlacht agus déine éagsúil, mar thoradh ar phróiseáil sonraí pearsanta as damáiste fisiciúil, ábhartha nó neamhábhartha, go háirithe sna cásanna seo a leanas: i gcás ina n-eascródh idirdhealú, goid aitheantais nó calaois aitheantais, caillteanas airgeadais, damáiste don chlú, caillteanas rúndacht na sonraí pearsanta sin atá faoi chosaint de réir rúndacht ghairmiúil, aisiompú neamhúdaraithe cur i bhfeidhm ainm bréige, nó aon mhíbhuntáiste eacnamaíoch nó sóisialta eile atá suntasach as an bpróiseáil; i gcás ina bhféadfadh sé go ndéanfaí cearta agus saoirsí na n-ábhar sonraí a cheilt orthu nó go gcoiscfí iad ó rialú a dhéanamh ar fheidhmiú a gcuid sonraí pearsanta; [...]

[...]

(85) Mura dtéitear i ngleic le sárú i ndáil le sonraí pearsanta ar bhealach iomchuí tráthúil, d'fhéadfadh gurb é an toradh a bheadh air damáiste fisiciúil, ábhartha nó neamhábhartha do dhaoine nádúrtha amhail smacht ar a gcuid sonraí pearsanta a chailleadh, nó teorannú ar a gcearta, idirdhealú, goid aitheantais nó calaois aitheantais, caillteanas airgeadais, aisiompú neamhúdaraithe chur i bhfeidhm ainm bréige, damáiste don chlú, caillteanas rúndacht na sonraí pearsanta sin atá faoi chosaint de réir rúndacht ghairmiúil, nó aon mhíbhuntáiste eacnamaíoch nó sóisialta eile don duine nádúrtha lena mbaineann. [...]

[...]

(146) Ba cheart don rialaitheoir nó don phróiseálaí aon damáiste a d'fhéadfadh duine a fhulaingt de bharr próiseáil a sháraíonn an Rialachán seo a chúiteamh. Ba cheart an rialaitheoir nó an próiseálaí a dhíolmhú ón dliteanas má chruthaíonn sé nach bhfuil sé freagrach ar shlí ar bith as an damáiste. Ba cheart coincheap an damáiste a léiriú go leathan i bhfianaise chásdlí na Cúirte Breithiúnais ar shlí ina léireofaí go hiomlán cuspóirí an Rialacháin seo. Tá sé sin gan dochar d'éilimh maidir le damáiste a thagann as sárú na rialacha eile atá ann i ndlí an Aontais nó i ndlí Ballstáit. Áirítear freisin ar phróiseáil a sháraíonn an Rialachán seo próiseáil a sháraíonn na gníomhartha tarmligthe agus na gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh i gcomhréir leis an Rialachán seo agus le dlí Ballstáit lena sonraítear rialacha an Rialacháin seo. Ba cheart do na hábhair sonraí cúiteamh iomlán agus éifeachtach a fháil as an damáiste arna fhulaingt acu. [...]'

4 Foráiltear don mhéid seo a leanas in Airteagal 1(2) de RGCS, ar Airteagal é dar teideal 'Ábhar agus cuspóirí':

'Leis an Rialachán seo, cosnaítear cearta bunúsacha agus saoirsí bunúsacha daoine nádúrtha agus go háirithe a gceart go ndéanfar sonraí pearsanta a chosaint.'

5 Foráiltear don mhéid seo a leanas in Airteagal 4 den Rialachán sin, dar teideal ‘Sainmhínithe’:

‘Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn “sonraí pearsanta” aon fhaisnéis a bhaineann le duine nádúrtha [sainaitheanta] nó in-sainaitheanta (“ábhar sonraí”); [...]

(2) ciallaíonn “próiseáil” aon oibríocht nó aon sraith d'oibríochtaí a dhéantar ar shonraí pearsanta nó ar shraitheanna de shonraí pearsanta, trí mhodhanna uathoibrithe nó trí mhodhanna eile, amhail [...] nochtadh trí tharchur, trí scaipeadh nó trí chur ar fáil ar bhealach eile, ailíniú nó comhcheangal, srianadh, léirscriosadh nó díothú;

[...]

(7) ciallaíonn “rialaitheoir” an duine nádúrtha nó dlítheanach, an t-údarás poiblí, an ghníomhaireacht nó an comhlacht eile a chinneann, ina aonar nó i gcomhpháirt, críocha agus modhanna na próiseála; [...]

[...]

(10) ciallaíonn “tríú páirtí” duine nádúrtha nó dlítheanach, údarás poiblí, gníomhaireacht, nó comhlacht eile seachas an t-ábhar sonraí, an rialaitheoir, an próiseálaí agus daoine a údaraítear, faoi údarás díreach an rialaitheora nó an phróiseálaí, chun na sonraí a phróiseáil;

[...]

(12) ciallaíonn “sárú i ndáil le sonraí pearsanta” sárú ar shlándáil as a dtiocfaidh scrios, cailleadh, athrú, nó nochtadh neamhúdaraithe sonraí pearsanta a rinneadh a tharchur, a stóráil nó a phróiseáil ar bhealach eile, nó rochtain neamhúdaraithe ar na sonraí sin, bíodh sé sin de thaisme nó neamhdhleathach;

[...]’

6 I gCaibidil II de RGCS, dar teideal ‘Prionsabail’, atá Airteagail 5 go 11 den Rialachán sin.

7 Foráiltear don mhéid seo a leanas in Airteagal 5 den Rialachán sin, dar teideal ‘Prionsabail a bhaineann le próiseáil sonraí pearsanta’:

‘1. Maidir le sonraí pearsanta:

(a) déanfar iad a phróiseáil ar bhealach atá dleathach, cothrom agus trédhearcach i ndáil leis an ábhar sonraí (“dlíthiúlacht, cothroime agus trédhearcacht”);

(b) déanfar iad a bhailiú chun críocha sonraithe sainráite dlisteanacha agus ní dhéanfar iad a phróiseáil tuilleadh ar shlí atá ar neamhréir leis na críocha sin [...] (“teorannú de réir cuspóra”);

(c) beidh siad leormhaith, ábhartha agus teoranta don mhéid is gá maidir leis na críocha dá ndéantar iad a phróiseáil (“íoslaghdú sonraí”);

[...]

(f) déanfar iad a phróiseáil ar chaoi go n-áirithítear slándáil iomchuí na sonraí pearsanta, lena n-áirítear cosaint ar phróiseáil neamhúdaraithe nó neamhdhleathach agus ar chailleadh, scrios nó damáiste de thaisme, agus úsáid á baint as bearta iomchuí teicniúla nó eagraíochtúla ("sláine agus rúndacht");

2. Is é an rialaitheoir a bheidh freagrach as mír 1 a chomhlíonadh, agus beidh sé in ann an comhlíonadh sin a thaispeáint ("cuntasacht").'

8 Foráiltear don mhéid seo a leanas in Airteagal 6(1) den Rialachán sin, ar Airteagal é dar teideal 'Dleathacht na próiseála':

'Ní bheidh an phróiseáil dleathach ach amháin má tá feidhm, agus a mhéid atá feidhm, le ceann díobh seo a leanas ar a laghad:

(a) tá toiliú tugtha ag an ábhar sonraí a shonraí pearsanta nó a sonraí pearsanta a phróiseáil chun ceann amháin nó níos mó de chríocha sonracha;

[...]'

9 I gCaibidil III de RGCS, dar teideal 'Cearta an ábhair sonraí', atá Airteagail 12 go 23 den Rialachán sin.

10 Foráiltear don mhéid seo a leanas in Airteagal 17(1) den Rialachán sin, ar Airteagal é dar teideal 'An ceart go ndéanfaí léirscriosadh ("an ceart go ndéanfaí ligean i ndearmad")' agus atá i Roinn 3 de Chaibidil III dar teideal 'Ceartú agus léirscriosadh':

'Beidh sé de cheart ag an ábhar sonraí go léirscriosfaidh an rialaitheoir sonraí pearsanta a bhaineann leis nó léi gan mhoill mhíchuí agus beidh sé d'oibleagáid ar an rialaitheoir sonraí pearsanta a léirscriosadh gan mhoill mhíchuí i gcás go mbeidh feidhm ag ceann de na forais seo a leanas:

[...]

(c) déanann an t-ábhar sonraí agóid i gcoinne na próiseála de bhun Airteagal 21(1) agus ní ann d'fhorais dhlisteanacha sháraitheacha maidir leis an bpróiseáil, nó déanann an t-ábhar sonraí agóid i gcoinne na próiseála de bhun Airteagal 21(2);

(d) rinneadh próiseáil mhídhleathach ar na sonraí pearsanta;

[...]'

11 Foráiltear don mhéid seo a leanas in Airteagal 18(1) den Rialachán sin, ar Airteagal é dar teideal 'An ceart go gcuirfí srian le próiseáil' agus atá i Roinn 3 sin:

'Beidh sé de cheart ag an ábhar sonraí go gcuirfidh an rialaitheoir srian le próiseáil i gcásanna ina bhfuil feidhm ag ceann amháin díobh seo a leanas:

[...]

(b) i gcás ina bhfuil an phróiseáil neamhdhleathach agus ina gcuireann an t-ábhar sonraí i gcoinne léirscriosadh na sonraí pearsanta agus ina n-iarrann sé go gcuirfear srian lena n-úsáid in áit iad a scriosadh;

(c) níl na sonraí de dhíth ar an rialaitheoir a thuilleadh chun críocha na próiseála, ach tá siad de dhíth ar an ábhar sonraí chun éilimh dhlíthiúla a bhunú, a fheidhmiú nó a chosaint; nó

[...]'

12 I gCaibidil VIII de RGCS, dar teideal 'Leigheasanna, dliteanas agus pionóis', atá Airteagail 77 go 84 den Rialachán sin.

13 'An ceart chun gearán a thaisceadh le húdarás maoirseachta' an teideal d'Airteagal 77 de RGCS agus 'An ceart chun leigheas breithiúnach éifeachtach a fháil i gcoinne údarás maoirseachta' an teideal d'Airteagal 78 den Rialachán sin.

14 Foráiltear don mhéid a leanas in Airteagal 79(1) den Rialachán sin, ar Airteagal é dar teideal 'An ceart chun leigheas breithiúnach éifeachtach a fháil i gcoinne rialaitheora nó próiseálaí':

'Gan dochar d'aon leigheas riaracháin nó neamhbhreithiúnach atá ar fáil, lena n-áirítear an ceart gearán a thaisceadh le húdarás maoirseachta de bhun Airteagal 77, beidh an ceart chun leigheas breithiúnach éifeachtach a fháil ag gach ábhar sonraí i gcás ina measann sé nó sí gur sáraíodh a gcearta faoin Rialachán seo mar thoradh ar phróiseáil a shonraí [pearsanta] [nó a] sonraí pearsanta i [neamhchomhlíonadh] an [Rialacháin] seo.'

15 De réir Airteagal 82 de RGCS, dar teideal 'An ceart chun cúiteamh a fháil agus dliteanas':

'1. Aon duine a mbaineann damáiste ábhartha nó neamhábhartha dó mar thoradh ar shárú an Rialacháin seo, beidh sé i dteideal cúiteamh a fháil ón rialaitheoir nó ón bpróiseálaí as an damáiste arna fhulaingt.

[...]

3. Beidh rialaitheoir nó próiseálaí díolmhaithe ó dhliteanas faoi mhír 2 má chruthaíonn sé nach bhfuil sé ar dhóigh ar bith freagrach as an imeacht ba shiocair leis an damáiste.

[...]'

16 Foráiltear don mhéid seo a leanas in Airteagal 83(2) de RGCS, ar Airteagal é dar teideal 'Coinníollacha ginearálta maidir le fíneálacha riaracháin a ghearradh':

'[...] Nuair a bheidh cinneadh á dhéanamh an ngearrfar fíneáil riaracháin agus nuair a bheidh cinneadh á dhéanamh maidir le méid na fíneála riaracháin i ngach cás aonair, tabharfar aird chuí ar an méid seo a leanas:

(a) cineál, tromaíocht agus fad an tsáraithe agus cineál, raon feidhme nó cuspóir na próiseála lena mbaineann á gcur san áireamh chomh maith le líon na n-ábhar sonraí do shonraí a ndearnadh difear dóibh agus leibhéal an damáiste a bhain dóibh;

(b) cineál an tsáraithe a bheith déanta d'aon ghnó nó le faillí;

(c) aon ghníomhaíocht a rinne an rialaitheoir nó an próiseálaí chun an damáiste a bhain do na hábhair sonraí a mhaolú;

[...]

(k) aon imthosca ghéaraitheacha nó mhaolaitheacha eile is infheidhme i leith dálaí an cháis, amhail sochair airgeadais a gnóthaíodh, nó caillteanais a seachnaíodh, go díreach nó go hindíreach, as an sárú.'

17 Foráiltear don mhéid seo a leanas le hAirteagal 84(1) den Rialachán sin, ar Airteagal é dar teideal 'Pionóis':

'Leagfaidh na Ballstáit síos na rialacha a bhaineann leis na pionóis eile is infheidhme maidir le sáruithe ar an Rialachán seo, go [háirithe] sáruithe nach bhfuil faoi réir [fíneálacha riaracháin] de bhun Airteagal 83, agus glacfaidh siad na bearta uile is gá chun a áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad. Beidh na pionóis sin éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach.'

Dlí na Gearmáine

18 Is sna focail a leanas atá § 2(1) de Grundgesetz für die Bundesrepublik Deutschland (Bundlí Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine) an 23 Bealtaine 1949 (BGBl. 1949 I, lch. 1), sa leagan is infheidhme maidir leis na príomhimeachtaí:

'Beidh sé de cheart ag gach duine go ligfí dá phearsantacht a fhorbairt, ar choinníoll nach sáraíonn sé cearta daoine eile nó nach sáraíonn sé an t-ord bunreachtúil nó an dlí morálta.'

19 Foráiltear don mhéid seo a leanas in § 253 den Bürgerliches Gesetzbuch (an Cód Sibhialta), sa leagan is infheidhme maidir leis na príomhimeachtaí ('BGB'), dar teideal 'Damáiste Neamhábhartha':

'(1) Ní inéilithe cúiteamh airgid ar chaillteanas nach caillteanas airgid é ach i gcásanna arna sonrú le dlí.

(2) Is inéilithe cúiteamh réasúnta airgid chomh maith i gcaillteanas nach caillteanas airgid é i gcás ina bhfuil cúiteamh le híoc i ndíobháil don chorp, don tsláinte, don tsaoirse nó don fhéinchinntiúchán gnéasach.'

20 Foráiltear don mhéid seo a leanas in § 823 de BGB, dar teideal 'Dualgas cúitithe damáiste':

'(1) Aon duine a dhéanann díobháil mhídhleathach d'aon ghnó nó go faillíoch do shaol, corp, sláinte, saoirse, maoin nó ceart duine eile, dlífear cúiteamh ar an damáiste a dhéantar de dheasca na díobhála sin ar an duine eile.

(2) Beidh feidhm ag an oibleagáid chéanna maidir le haon duine a sháraíonn dlí atá ceaptha chun duine eile a chosaint. Más amhlaidh, de réir dlí, gur féidir an dlí sin a shárú in éagmais éagóra, ní bheidh feidhm ag an dualgas cúiteamh a íoc ach i gcás éagóra.'

21 Foráiltear don mhéid seo a leanas in § 1004(1) de BGB, dar teideal ‘Ceart chun iarraidh ar dhuine éirí as gníomh nó staonadh dá dhéanamh’:

‘Má chuirtear isteach ar úinéireacht mar gheall ar chúis eile seachas díshealbhú nó ceilt úinéireachta, féadfaidh an t-úinéir a iarraidh ar an duine éirí as an gcur isteach sin. Más baol go leanfaí den chur isteach ar an úinéireacht, féadfaidh an t-úinéir caingean a thabhairt d’fhonn urghaire choisctheach a lorg.’

22 De réir an ordaithe tarchuir, tá feidhm analach ag § 1004, sna príomhimeachtaí, maidir le sárú ar chearta iomlána nó maidir le sárú ar dhlí trína bhféachtar le daoine eile a chosaint de réir bhrí § 823(1) agus (2) den Chód sin faoi seach.

An díospóid sna príomhimeachtaí agus na ceisteanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú

23 Chuir an t-iarratasóir sna príomhimeachtaí isteach ar phost le Quirin Privatbank, ar cuideachta arna rialú le dlí na Gearmáine é, trí líonra sóisialta proifisiúnta ar líne. Dá réir sin, d’úsáid fostaí de chuid na cuideachta sin seirbhís teachtaireachtaí leictreonacha an líonra sin le teachtaireacht a sheoladh chuig tríú páirtí, nach mbaineann leis an bpróiseas earcaíochta, ar teachtaireacht í nach raibh le seoladh ach amháin chuig an iarratasóir sna príomhimeachtaí inar chuir sí in iúl don tríú páirtí sin gur diúltaíodh dá éilimh tuarastail agus inar tháirg sí malairt luacha saothair dó (‘an teachtaireacht i gceist’). Sheol an tríú páirtí sin a raibh aithne aige ar an iarratasóir sna príomhimeachtaí de bharr gur oibrigh sé in éineacht leis roimhe sin an teachtaireacht úd ar aghaidh chuige agus d’fhiafraigh sé de an raibh post á lorg aige.

24 Thionscain an t-iarratasóir caingean os comhair Landgericht Darmstadt (Cúirt Réigiúnach Darmstadt, an Ghearmáin), lenar iarr sé go n-ordófaí do Quirin Privatbank (a) staonadh ó aon phróiseáil sonraí pearsanta a bhaineann leis ó thaobh a iarratais de lena n-athnochtfaí na sonraí sin go neamhúdaraithe i ndiaidh sheoladh na teachtaireachta i gceist agus (b) damáistí a íoc leis ar mhaithe leis an damáiste neamhábhartha a rinneadh mar thoradh ar an teagmhas sin a chúiteamh. D’áitigh sé, go bunúsach, gurbh é a bhí sa damáiste ná an imní a bhí air gurbh fhéidir le tríú páirtí ar a laghad, a raibh aithne aige air agus a d’oibrigh in aon earnáil phroifisiúnta leis, a shonraí pearsanta a chur ar aghaidh chuig seanfhostóirí nó fostóirí féideartha, leas a bhaint as buntáiste a bheith aige air i gcás féideartha earcaíochta iomaíche agus an náiriú a bhraith sé de dheasca na teipe ar a chuid caibidlíochtaí maidir lena thuarastal.

25 Trí bhreithiúnas an 26 Bealtaine 2020, d’ordaigh an chúirt chéadchéime do Quirin Privatbank staonadh ón iompar dá dtagraítear san iarratas agus damáistí de mhéid EUR 1 000 móide ús a íoc leis an iarratasóir sna príomhimeachtaí. Rinne Quirin Privatbank achomharc i gcoinne an bhreithiúnais sin.

26 Trí bhreithiúnas an 2 Bealtaine 2022, d’fhreaschuir Oberlandesgericht Frankfurt (Ard-Chúirt Réigiúnach Frankfurt, an Ghearmáin) an breithiúnas sin go páirteach. Chinn sé go raibh sé de cheart ag an iarratasóir sna príomhimeachtaí, de réir Airteagal 17(1) de RGCS, a cheangal ar Quirin Privatbank staonadh sa todhchaí óna shonraí pearsanta a phróiseáil mar a rinneadh leis an bpróiseáil orthu leis an teachtaireacht i gceist agus go raibh riosca atarlaithe ann ina leith sin. Mar sin féin, dhiúltaigh sé don iarratas ar dhamáistí de bhun Airteagal 82 den Rialachán sin, ar an bhforas gur deimhin gur sáraíodh na rialacha maidir le sonraí pearsanta a chosaint, toisc gur

cuireadh a leithéid de shonraí ar aghaidh chuig tríú páirtí nár bhain siad leis, ach nach raibh fianaise ar dhamáiste iarbhír tugtha ag an iarratasóir sna príomhimeachtaí áfach, agus, fiú dá mba rud é gur náiríodh é, nárbh fhéidir a rá gur damáiste neamhábhartha a bhí ansin.

27 Rinne an t-iarratasóir sna príomhimeachtaí agus Quirin Privatbank araon achomharc ar phointe dlí (*Revision*) os comhair an Bundesgerichtshof (an Chúirt Bhreithiúnais Chónaidhme, an Ghearmáin), arb í an chúirt a rinne an tarchur. Os comhair na cúirte sin, cloíonn an t-iarratasóir sna príomhimeachtaí lena raibh á mhaíomh aige ar dtús, fad a iarrann Quirin Privatbank go ndiúltófaí dó ina iomláine.

28 Measann an chúirt a rinne an tarchur go dtagann an ghníomhaíocht atá faoi chonspóid ag an iarratasóir sna príomhimeachtaí faoi raon feidhme RGCS. Tugann sí le fios gurb é atá sna gníomhaíochtaí sin ná ‘próiséail’ ‘sonraí pearsanta’ an ‘ábhair sonraí’ agus gur ‘rialaitheoir’ Quirin Privatbank de réir bhrí Airteagal 4(1), (2) agus (7) den Rialachán sin. Dar léi, táthar ar comhthuiscint gur sáraíodh trí na gníomhaíochtaí sin, arbh ionann iad agus cur ar aghaidh neamhúdaraithe a leithéidí de shonraí chuig ‘tríú páirtí’ de réir bhrí Airteagal 4(10) de RGCS, forálacha an Rialacháin sin agus gur mídhleathach iad i bhfianaise Airteagal 6(1) de, go háirithe toisc nár thug an t-iarratasóir a thoiliú leis.

29 Tá an chúirt sin éiginnte, ar an gcéad dul síos, an dtugtar an ceart trí RGCS do dhaoine ar próiseáladh a gcuid sonraí pearsanta go mídhleathach a cheangal ar an rialaitheoir staonadh óna n-athphróiseáil, ina n-áirítear i gcás nach n-iarrann an duine sin go léirscriosfaí na sonraí. I bhfianaise an chásdlí náisiúnta agus dhíospóireachtaí an luchta léinn maidir leis sin, fiafraíonn an chúirt sin an féidir an ceart sin, a mhaíonn sé nach bhfeidhmítear é ach go coisctheach amháin, eascairt ó Airteagal 17 den Rialachán sin, a bhaineann leis an gceart go ndéanfaí a leithéid de léirscriosadh, ó Airteagal l8 den Rialachán sin, maidir leis an gceart go gcuirfí srian le próiseáil, ó Airteagal 79 den Rialachán sin, maidir leis an gceart chun leigheas breithiúnach éifeachtach a fháil i gcoinne rialaitheora nó próiseálaí, nó aon fhoráil eile den Rialachán sin.

30 Ar an dara dul síos, i gcás freagra dearfach ar na ceisteanna sin, is mian leis an gcúirt a rinne an tarchur a chinneadh, ag féachaint dá cásdlí féin de bhun Airteagal 2 de Bhundlí Phoblacht na Gearmáine agus de réir § 823 agus 1004 de BGB a chur i bhfeidhm le chéile, ar dtús, an bhfuil a leithéid de cheart ag rialaitheoir staonadh ó RGCS a athshárú de réir riosca atarlaithe a bheith nó gan bheith ann agus, anuas air sin, an féidir talamh slán a dhéanamh de sin, i gcás inarb iomchuí, i bhfianaise an tsáraithe tosaigh.

31 Ar an tríú dul síos, sa chás contrártha ina dtabharfaí freagra diúltach don dá chuid den chéad cheist, fiafraíonn an chúirt sin an bhfágtar, le comhléamh ar Airteagail 79 agus 84 de RGCS, a bhaineann leis an gceart chun leigheas breithiúnach éifeachtach a fháil i gcoinne údarás maoirseachta agus le pionóis i gcás sárú ar an Rialachán sin, go gceadaítear do Bhallstát a ordú go staonfadh an rialaitheoir mar sin ó ghníomhaíocht de bhun forálacha náisiúnta, fad a thugtar na cearta dá bhforáiltear in Airteagail 17, 18 agus 82 den Rialachán sin don ábhar sonraí.

32 Ar an gceathrú dul síos, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur faoi na coinníollacha faoina bhfuil an ceart chun cúiteamh a fháil as damáiste de réir Airteagal 82(1) de RGCS, i bhfianaise aithrisí 75 agus 85 de RGCS. Tá sí neamhchinnte, go háirithe, i dtaobh na dtréithe féideartha de ‘dhamáiste neamhábhartha’, de réir bhrí Airteagal 82(1) sa chás ina nach n-agraíonn an t-ábhar sonraí ach mothúcháin dhiúltacha a bhíonn, de réir na cúirte a rinne an tarchur, ar ghnáthrioscaí an tsaoil laethúil.

33 Ar an gcúigiú dul síos, fiafraíonn an chúirt sin an bhfuil tromchúis na héagóra arna déanamh ag an rialaitheoir le cur san áireamh agus measúnú á dhéanamh ar chúiteamh na damáiste neamhábhartha atá dlite de réir Airteagal 82(1) de RGCS. Sonraíonn sí, i ndlí na Gearmáine, go gcaithfear, *inter alia*, tromchúis na héagóra arna déanamh ag déantóir an damáiste a chur san áireamh in éiric airgid ar dhamáiste neamhábhartha, toisc gurb é a bhíonn san éiric sin ná cúiteamh ar an damáiste arna fhulaingt ag an duine díobhálaithe agus sásamh a dhlíonn an duine díobhálaithe den déantóir, i gcomhréir le cásdlí maidir le § 253 de BGB.

34 Ar an séú dul síos, i gcás freagra dearfach ar cheann den dá chuid dá céad cheist nó ar a tríú ceist, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur an mbíonn an ceart a bhíonn ag ábhar sonraí a éileamh ar rialaitheoir staonadh ó RGCS a athshárú ina chritéar ábhar le cúiteamh damáiste neamhábhartha de réir Airteagal 82(1) den Rialachán sin a laghdú, nó fiú a chosc, mar is féidir de réir dhlí na Gearmáine.

35 Sna himthosca sin, chinn an Bundesgerichtshof (an Chúirt Bhreithiúnais Chónaidhme) bac a chur ar na himeachtaí agus na ceisteanna seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú:

‘1. a) An bhfuil Airteagal 17 de RGCS le léiriú sa chaoi go bhfuil ceart ag ábhar sonraí a [ndearna] an rialaitheoir [a shonraí] a nochtadh go neamhdhleathach trí na sonraí sin a aistriú ar aghaidh [a cheangal ar an rialaitheoir sin go staonfadh sé óna chur ar aghaidh arís mar atá neamhdhleathach]mura n-iarrann an t-ábhar sonraí ar an rialaitheoir na sonraí sin a scriosadh?
b) An féidir ceart chun urghaire coiscthí teacht chun cinn (freisin) ó Airteagal 18 de RGCS nó ó fhoráil eile de?

2. Más freagraí dearfacha a thabharfar ar Cheisteanna 1(a) agus/nó 1(b):
[a)] An bhfuil ceart chun urghaire coiscthí faoi dhlí an Aontais ann i gcás riosca go ndéanfar tuilleadh sáruithe ar chearta an ábhair sonraí faoi RGCS sa todhchaí le cur san áireamh (riosca [atarlaithe])?
[b)] An nglactar leis go bhfuil riosca [atarlaithe] ann, i gcás inarb iomchuí, de bharr an tsáraithe atá ann ar RGCS?

3. Más freagraí diúltacha a thabharfar ar Cheisteanna 1(a) agus 1(b):

An bhfuil Airteagal 84 de RGCS, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 79 de, le léiriú sa chaoi go gceadaítear don chúirt náisiúnta a bhronnadh ar ábhar sonraí ar nocht an rialaitheoir [a shonraí pearsanta] trí aistriú ar aghaidh, de bhreis ar an gceart chun [cúiteamh a fháil] as damáiste ábhartha nó neamhábhartha de bhun Airteagal 82 RGCS agus na cearta a eascraíonn ó Airteagail 17 agus 18 de RGCS, an ceart chun urghaire choisctheach a fháil i gcoinne an rialaitheora lena gcuirtear cosc ar aistriú ar aghaidh na sonraí sin i gcomhréir le forálacha an dlí náisiúnta?

4. An bhfuil Airteagal 82(1) de RGCS le léiriú sa chaoi gur leor mothúcháin dhiúltacha ar nós cantail, olc, míshástacht, faitíos agus eagla, ar cuid de riosca ginearálta an tsaoil agus ar mhinic dóibh a bheith mar chuid den saol laethúil, [chun go mbeadh] damáiste neamhábhartha [ann] de réir bhrí na forála sin? Nó an bhfuil gá le míbhuntáiste don duine nádúrtha a théann níos faide ná na mothúcháin sin chun go [mbeadh damáiste ann]?

5. An bhfuil Airteagal 82(1) de RGCS le léiriú sa chaoi gur critéar ábhartha é méid lochta [éagóra] an rialaitheora nó an phróiseálaí nó a fhostaithe chun méid an damáiste [neamhábhartha] atá le cúiteamh a ríomh?

6. Más freagra dearfach a thabharfar ar Cheisteanna 1(a), 1(b) nó 3:

   An bhfuil Airteagal 82(1) de RGCS le léiriú sa chaoi, agus méid an damáiste neamhábhartha atá le cúiteamh á mheas, gur féidir an fíoras go bhfuil ceart ag an ábhar sonraí chun urghaire coiscthí chomh maith le ceart chun cúitimh a chur san áireamh chun an t-éileamh a laghdú?'

Na ceisteanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú

An chéad cheist go dtí an tríú ceist

36 Lena céad cheist go dtí a tríú ceist, atá le scrúdú le chéile, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur go bunúsach, an bhfuil forálacha RGCS le léiriú sa chaoi go bhforáiltear leo go mbíonn ag ábhar sonraí próiseála mídhleathaí sonraí pearsanta, i gcás nach n-iarrann an duine sin go léirscriosfaí a shonraí, leigheas breithiúnach ar dá réir gurb infhaighte urghaire choisctheach aige don rialaitheoir staonadh ó athphróiseáil mhídhleathach sa todhchaí, agus, i gcás freagra diúltach, an gcoisctear ar na Ballstáit trí na forálacha sin foráil a dhéanamh do leigheas breithiúnach dá leithéid ina ndlíchórais féin.

37 Mar réamhphointe, ní mór a thabhairt chun cuimhne, ar mhaithe le dlí an Aontais a léiriú, nach mór a chur san áireamh ní hamháin foclaíocht na forála, ach an comhthéacs ina bhfuil sí agus na cuspóirí atá á saothrú leis na rialacha a bhfuil sí mar chuid dóibh chomh maith (breithiúnas an 4 Deireadh Fómhair 2024, *Lindenapotheke*, C-21/23, EU:C:2024:846, mír 52 agus an cásdlí dá dtagraítear).

38 I dtaca leis sin, ar an gcéad dul síos, ní mór a thabhairt faoi deara go bhfuil RGCS bunaithe ar cheart a aithnítear a bheith ag gach duine go ndéanfar na sonraí pearsanta a bhaineann leis nó léi a chosaint. Is ceart bunúsach an chosaint sin, a chumhdaítear in Airteagal 8(1) den Chairt, dá dtagraítear in aithris 1 den Rialachán sin. Mar a fhágann Airteagal 1 agus aithris 10 den Rialachán sin, rialaítear cur i bhfeidhm an Rialacháin sin leis an gcuspóir maidir le héifeachtacht an chirt bhunúsaigh sin a áirithiú, trí ardchosaint chomhionann sna Ballstáit ar fad a chinntiú (féach, chuige sin, breithiúnais an 5 Deireadh Fómhair 2023, *Ministerstvo zdravotnictví (Aip COVID-19)*, C-659/22, EU:C:2023:745, mír 28; an 4 Deireadh Fómhair 2024, *Patērētāju tiesību aizsardzības centrs*, C-507/23, EU:C:2024:854, mír 28 agus an 3 Aibreán 2025, *Ministerstvo zdravotnictví (Sonraí maidir le hionadaí duine dhlíthiúil)*, C-710/23, EU:C:2025:231, mír 29).

39 I gcomhréir le cásdlí socair na Cúirte, caithfear, le gach próiseáil sonraí pearsanta, na prionsabail maidir le próiseáil a leithéidí de shonraí agus maidir le cearta an 'ábhair sonraí' a chomhlíonadh, de réir bhrí Airteagal 4(1) de RGCS, a leagtar amach i gCaibidlí II agus III den Rialachán sin faoi seach. Go sonrach, ní mór don phróiseáil a bheith i gcomhréir leis na prionsabail maidir le próiseáil sonraí dá dtagraítear in Airteagal 5 den Rialachán sin agus na coinníollacha a chomhlíonadh maidir le dleathacht na próiseála arna leagan amach in Airteagal 6 den Rialachán sin (féach, chuige sin, breithiúnais an 19 Nollaig 2024, *K GmbH (Próiseáil sonraí pearsanta fostaithe)*, C-65/23, EU:C:2024:1051, mír 46, agus an 3 Aibreán 2025, *Ministerstvo zdravotnictví (Sonraí maidir le hionadaí duine dhlíthiúil)*, C-710/23, EU:C:2025:231, mír 33).

40 Mar a thugann an tAbhcóide Ginearálta le fios, go bunúsach, i míreanna 32, 34 agus 38 dá Thuairim, fógraítear an ceart ar chosaint sonraí pearsanta le hAirteagal 8 den Chairt, i mír 1 de, agus ceanglaítear leis chomh maith, i mír 2 de, go bpróiseálfaí na sonraí sin i gcomhréir le coinníollacha áirithe, mar a bhíonn dleathacht na próiseála ag brath air. A dhála sin, na hoibleagáidí arna leagan amach i gCaibidil II de RGCS a bhíonn ar an rialaitheoir, tagann siad leis na cearta sonracha dá bhforáiltear leis an Rialachán sin, a thugtar do na hábhair sonraí. Mar sin, bíonn ag na hábhair sonraí ceart ar phróiseáil dhleathach a sonraí pearsanta, atá ar aon dul leis an oibleagáid ghinearálta, a chuirtear ar an rialaitheoir sin, gan a leithéid de shonraí a phróiseáil mar atá ar neamhréir le ceanglais an Rialacháin sin.

41 Ar an dara dul síos, tá rialaithe agus athrialaithe ag an gCúirt nach bhfuil sé d'éifeacht ag dlí an Aontais, lena n-áirítear forálacha na Cairte, a cheangal ar na Ballstáit leigheasanna dlí a thabhairt isteach seachas na leigheasanna sin a bhunaítear leis an dlí náisiúnta, mura léir, áfach, ó scéim an dlíchórais náisiúnta atá i gceist nach bhfuil aon leigheas breithiúnach ann lena gcumasaítear, fiú go teagmhasach, na cearta a eascraíonn ó dhlí an Aontais a urramú (breithiúnas an 8 Bealtaine 2025, *Barało*, C-530/23, EU:C:2025:322, mír 99 agus an cásdlí dá dtagraítear).

42 Sa chás seo, ní mór a chur i dtreis ar dtús nach mbaineann na cúinsí atá i gceist sna príomhimeachtaí le hinghlacthacht beart idirlinne ag cúirt náisiúnta ach infhaighteacht fhéideartha urghaire ag an ábhar sonraí, trí chaingean bhreithiúnach choisctheach, lena dtoirmisctear ar an rialaitheoir athshárú a dhéanamh ar na cearta sin.

43 Ní mór a thabhairt faoi deara, chuige sin, nach bhfuil in RGCS, forálacha, go sainráite nó go hintuigthe, ar dá réir a mbíonn ag an ábhar sonraí, dá dtagraíonn an chúirt a rinne an tarchur, ceart go gceanglófaí ar an rialaitheoir, go coisctheach, trí chaingean bhreithiúnach, staonadh, sa todhchaí, ó aon sárú a dhéanamh ar fhorálacha an Rialacháin sin, go háirithe trí phróiseáil mhídhleathach a dhéanamh in athuair. Go sonrach, mar a thug an tAbhcóide Ginearálta le fios, i míreanna 54 go 69 dá Thuairim, ní intuigthe a leithéid de cheart ó Airteagal 17 den Rialachán sin ná ó Airteagal 18 de.

44 Maidir le Caibidil VIII d RGCS, is tábhachtach a thabhairt chun cuimhne go rialaítear leis an gCaibidil sin, *inter alia*, na leigheasanna dlí lena gcumasaítear cearta an ábhair sonraí a chosaint i gcás ina raibh na sonraí pearsanta a bhaineann leis faoi réir próiseáil a líomhnaítear a bhí ar neamhréir le forálacha an Rialacháin sin. Is inmhaíte cosaint na gceart sin, go háirithe, go díreach ag an ábhar sonraí, de réir Airteagail 77 go 79 den Rialachán sin, ina bhforáiltear do leigheasanna dlí éagsúla, is infheidhmithe iad i gcomhthráth agus go neamhspleách ag an ábhar sonraí sin (féach, chuige sin, breithiúnais an 4 Deireadh Fómhair 2024, *Lindenapotheke*, C-21/23, EU:C:2024:846, mír 47 agus an cásdlí dá dtagraítear, agus an 30 Aibreán 2025, *Inspektorat kam Visshia sadeben savet*, C-313/23, C-316/23 agus C-332/23, EU:C:2025:303, mír 128 agus an cásdlí dá dtagraítear).

45 Is léir ó fhocail fhorálacha Chaibidil VIII de RGCS nach gceanglaítear le haon cheann acu ar Bhallstáit foráil do leigheas coisctheach ar nós an leighis a chuirtear síos air i mír 42 den breithiúnas seo. Go sonrach, ní dhéantar le téacs Airteagal 79(1) den Rialachán sin ach foráil, gan dochar d'aon leigheas riaracháin nó seachbhreithiúnach atá ar fáil dó, do cheart a bheith ag gach ábhar sonraí ar leigheas breithiúnach éifeachtach a fháil i gcás ina measann sé gur sáraíodh na cearta arna dtabhairt dó leis an Rialachán céanna de dheasca phróiseáil a shonraí pearsanta arna déanamh de shárú ar an Rialachán sin. Ní cheanglaítear trí fhocail na forála sin ar Bhallstáit a fhoráil do chaingean dlí ar leith ar dá réir arb infhaighte trí na cúirteanna, go coisctheach, urghaire choisctheach ar nós a bhfuil i gceist ag an gcúirt a rinne an tarchur.

46 Dá ainneoin sin, i bhfianaise fhocail fhorálacha Chaibidil VIII de RGCS agus, go háirithe, go n-aithnítear le hAirteagal 79(1) de go bhfuil sé de cheart ag gach ábhar sonraí leigheas breithiúnach éifeachtach a fháil i gcás ina measann sé gur sáraíodh na cearta arna dtabhairt dó leis an Rialachán sin de dheasca phróiseáil a shonraí pearsanta arna déanamh de shárú ar an Rialachán, ‘gan dochar’ d’aon leigheas riaracháin nó seachbhreithiúnach eile, ní mór a chinneadh nach bhfuil na Ballstáit coiscthe ar fhoráil do leigheas coisctheach dá leithéid ar mhaithe le ceangal ar an rialaitheoir staonadh ó aon athshárú ar na cearta sin (féach, chuige sin, breithiúnas an 4 Deireadh Fómhair 2024, *Lindenapotheke*, C-21/23, EU:C:2024:846, mír 53).

47 Ní mór a chur i dtreis, i ndáil leis sin, bíodh is léir ó RGCS, go bhféachtar tríd an Rialachán sin le comhchuibheas reachtaíochta náisiúnta maidir le cosaint sonraí pearsanta a áirithiú, rud atá bainte amach i bprionsabal, go bhfuil foráil indéanta ag na Ballstáit, mar sin féin, maidir le rialacha náisiúnta sa bhreis, atá níos doichte nó maolaithí, faoi roinnt forálacha den Rialachán sin, lena ndéantar go bhféadfaidís na forálacha sin a chur i bhfeidhm de réir a rogha féin (‘na clásail inchumasaithe’) (breithiúnas an 4 Deireadh Fómhair 2024, *Lindenapotheke*, C-21/23, EU:C:2024:846, mír 57 agus an cásdlí dá dtagraítear).

48 Go deimhin, níl a leithéid de chlásal inchumasaithe i bhforálacha Chaibidil VIII de RGCS ar dá réir is féidir, leis an Ballstáit foráil a dhéanamh, go sainráite, d’intugthacht caingne, ag an ábhar sonraí ar mhian leis an rialaitheoir a chosc ar fhorálacha ábhartha an Rialacháin sin a shárú, le haghaidh urghaire a fháil ina leith go staonfaí ó dhéanamh amhlaidh. Ní raibh sé de rún ag reachtóir an Aontais na leigheasanna dlí atá ar fáil a chomhchuibhiú go huileghabhálach i gcás sárú ar fhorálacha an Rialacháin sin agus, go háirithe, nach féidir a leithéid de chaingean a eisiamh (féach, chuige sin, breithiúnas an 4 Deireadh Fómhair 2024, *Lindenapotheke*, C-21/23, EU:C:2024:846, míreanna 59 agus 60).

49 Deimhnítear an léiriú sin leis na cuspóirí a thugtar le RGCS. Go deimhin, féachtar, tríd an Rialachán sin, *inter alia*, mar a shonraítear in aithris 10 de, le leibhéal comhsheasmhach cosanta agus ardleibhéal cosanta a áirithiú do dhaoine nádúrtha i ndáil le próiseáil na sonraí pearsanta a bhaineann leo. Thairis sin, leagtar amach go háirithe in aithris 11 den Rialachán go bhfuil gá cearta na n-ábhar sonraí agus oibleagáidí na ndaoine sin a dhéanann sonraí pearsanta a phróiseáil a neartú (féach, chuige sin, breithiúnas an 4 Deireadh Fómhair 2024, *Lindenapotheke*, C-21/23, EU:C:2024:846, mír 61).

50 Ní dhéantar difear do na cuspóirí sin trí chaingean dlí a bheith intugtha ag an ábhar sonraí ionas go gceanglófaí ar rialaitheoir staonadh sa todhchaí ó shárú ar fhorálacha ábhartha RGCS ach, a mhalairt air sin, d’fhéadfaí cur le héifeachtúlacht na bhforálacha sin agus le hardchosaint na sonraí pearsanta atá á bpróiseáil tríd, dá dtagraítear sa Rialachán sin. Mar sin, ní chuirtear cosc trí fhorálacha Chaibidil VIII de RGCS ar reachtaíocht náisiúnta lena ndéantar gur féidir leis an ábhar sonraí a leithéid de chaingean choisctheach a thabhairt (féach, chuige sin, breithiúnas an 4 Deireadh Fómhair 2024, *Lindenapotheke*, C-21/23, EU:C:2024:846, míreanna 62 agus 73).

51 Tugtar le tuiscint uaidh sin nach gcuirtear cosc le RGCS ar theacht a bheith, de bhun fhorálacha dhlí an Aontais b’infheidhme os comhair na cúirte náisiúnta a thugtar cás os a comhair, ar cheart chun leigheas a fháil lena bhféachtar le hurghaire a fháil lena bhféadfaí cosc a chur ar shárú a d’fhéadfaí a dhéanamh ar fhorálacha ábhartha an Rialacháin sin, go háirithe trí athdhéanamh féideartha ar phróiseáil mhídhleathach.

52 I bhfianaise na bhforas go léir roimhe seo, an freagra atá le tabhairt ar an gcéad cheist agus ar an tríú ceist ná go bhfuil forálacha RGCS le léiriú sa chaoi nach bhforáiltear leo go bhfuil ag ábhar sonraí próiseála mídhleathaí sonraí pearsanta, i gcás nach n-iarrann an duine sin go léirscriosfaí a shonraí, leigheas breithiúnach ar dá réir arb infhaighte aige urghaire ar bhonn coisctheach lena gceanglófaí ar an rialaitheoir staonadh ó athphróiseáil mhídhleathach sa todhchaí. Ní choisctear, trí na forálacha sin, áfach, ar Bhallstáit foráil do leigheas dlí dá leithéid ina ndlíchórais féin.

An ceathrú ceist

53 Trína ceathrú ceist, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an bhfuil Airteagal 82(1) de RGCS le léiriú sa chaoi go mbaineann an coincheap 'damáiste neamhábhartha' atá san fhoráil sin mothúcháin dhiúltacha ar an ábhar sonraí i ndiaidh a shonraí pearsanta a chur ar aghaidh go neamhúdaraithe chuig tríú páirtí, ar nós eagla nó míshásaimh, is cúis leo smacht a chailleadh ar na sonraí sin, mí-úsáid fhéideartha a bhaint astu nó béim ar a chlú.

54 Ní mór a thabhairt chun cuimhne go bhforáiltear le hAirteagal 82(1) de RGCS go mbeidh aon duine, a mbaineann damáiste ábhartha nó neamhábhartha dó mar thoradh ar shárú an Rialacháin seo, i dteideal cúiteamh a fháil ón rialaitheoir nó ón bpróiseálaí as an damáiste a bhain dó.

55 I gcomhréir le cásdlí socair, i bhfianaise nach ndéantar aon tagairt in Airteagal 82(1) de RGCS do dhlí intíre na mBallstát, ní mór an coincheap 'damáiste neamhábhartha', de réir bhrí na forála sin, a shainmhíniú go neamhspleách, aonfhoirmeach agus dílis do dhlí an Aontais (féach, chuige sin, breithiúnais an 25 Eanáir 2024, *MediaMarktSaturn*, C-687/21, EU:C:2024:72, mír 64, agus an 4 Deireadh Fómhair 2024, *Agentsia po vpisvaniyata*, C-200/23, EU:C:2024:827, mír 139 agus an cásdlí dá dtagraítear).

56 I dtaca leis sin, tá rialaithe agus athrialaithe ag an gCúirt, go háirithe i bhfianaise aithrisí 75, 85 agus 146 de RGCS, nach leor sárú ar an Rialacháin agus an sárú sin amháin le ceart ar chúiteamh a dheonú de réir Airteagal 82(1) de RGCS. Is iad na trí choinníoll charnacha riachtanacha leordhóthanacha den cheart sin ar chúiteamh gurb ann do 'dhamáiste', idir ábhartha nó neamhábhartha, nó 'dochar' 'arna fhulaingt', gur sáraíodh forálacha an Rialacháin sin, agus nasc cúisíoch idir an damáiste sin agus an sárú sin. Mar sin, ní mór don ábhar sonraí a bhfuil cúiteamh i ndamáiste neamhábhartha á iarraidh aige de bhun Airteagal 82(1) sin, a chruthú ní hamháin gur sáraíodh an Rialachán sin, ach gurbh amhlaidh gur chúis an sárú sin lena leithéid de dhamáiste (féach, chuige sin, breithiúnais an 4 Bealtaine 2023, *Österreichische Post (Damáiste neamhábhartha a bhaineann le próiseáil sonraí pearsanta)*, C-300/21, EU:C:2023:370, míreanna 32, 33, 37 agus 42; an 4 Deireadh Fómhair 2024, *Agentsia po vpisvaniyata*, C-200/23, EU:C:2024:827, míreanna 140 go 142, agus an 4 Deireadh Fómhair 2024, *Patērētāju tiesību aizsardzības centrs*, C-507/23, EU:C:2024:854, míreanna 24 agus 25

57 Sa chás seo, luann an chúirt a rinne an tarchur go n-agraíonn an t-iarratasóir sna príomhimeachtaí, go bunúsach, ó thaobh an damáiste neamhábhartha a mhaíonn sé a bheith fulaingthe aige de dheasca an tsáraithe ar RGCS i gceist, 'an eagla go gcuirfí sonraí ar aghaidh chuig tríú páirtithe ag oibriú san aon earnáil, go bhfuair duine eolas nach mór a bheith críonna ina leith de ghnáth [mar aon leis] an náiriú a bhaineann leis gur diúltaíodh dá éilimh tuarastail agus go bhfuair tríú páirtithe a fhios sin'. Ba mhian leis an gcúirt sin a fháil amach an leor 'mothúcháin dhiúltacha' ar nós 'cantail, olc, míshástacht, faitíos agus eagla' a thugtar 'riosca[í] ginearálta an tsaoil' síos dóibh, le cruthú gurb ann do 'dhamáiste neamhábhartha', de réir bhrí Airteagal 82 den Rialachán sin, nó an bhfuil gá leis gur bhain dochar don ábhar sonraí a théann níos faide ná na mothúcháin sin.

58 I ndáil leis sin, ar an gcéad dul síos, fágtar le cásdlí na Cúirte go gcuirtear cosc le hAirteagal 82(1) de RGCS ar riail nó cleachtas náisiúnta lena gcuirtear cúiteamh as ‘damáiste neamhábhartha’, de réir bhrí na forála sin, faoi réir an choinníll go bhfuil an damáiste a bhain don duine is ábhar do na sonraí sroichte ag leibhéal áirithe tromchúise. Ní cheanglaítear leis an bhforáil sin ach an oiread gur gá go mbeidh ‘tairseach íosta’ i gceist leis an damáiste sin chun go bhféadfar é a chúiteamh (féach, chuige sin, breithiúnais an 4 Bealtaine 2023, *Österreichische Post (Damáiste neamhábhartha a bhaineann le próiseáil sonraí pearsanta)*, C-300/21, EU:C:2023:370, mír 51; agus an 4 Deireadh Fómhair 2024, *Agentsia po vpisvaniyata*, C-200/23, EU:C:2024:827, míreanna 147 agus 149).

59 Ar an dara dul síos, mar a luaigh an Coimisiún Eorpach ina bharúlacha i scríbhinn, bíonn cásanna, ar nós iad sin arna n-agairt sa díospóid sna príomhimeachtaí, a bhaineann le ‘damáiste don chlú’ de dheasca sárú ar shonraí pearsanta nó ‘smacht a chailleadh’ ar a leithéid de shonraí, ar na samplaí de na damáistí féideartha arna leagan amach in aithrisí 75 agus 85 de RGCS.

60 Go sonrach, chuir an Chúirt i dtreis gur léir ón liosta samplach de na cineálacha ‘damáiste’ a d’fhéadfaí a dhéanamh d’ábhair sonraí sa chéad abairt d’aithris 85 de RGCS, go raibh sé i gceist ag reachtóir an Aontais a áireamh ar an dá choincheap sin, *inter alia*, ‘smacht a chailleadh’ ar shonraí pearsanta na ndaoine sin agus é amháin i ndiaidh sárú ar an Rialachán sin, fiú murar baineadh mí-úsáid as na sonraí atá i gceist go nithiúil. Is féidir gur leor an chúis le ‘damáiste neamhábhartha’, de réir bhrí Airteagal 82(1) den Rialachán sin é smacht a chailleadh mar sin, ar choinníoll go léiríonn an t-ábhar sonraí gurbh amhlaidh gur bhain a leithéid de dhamáiste dó, dá íosta é, gan gá a bheith ann de réir choincheap an ‘damáiste neamhábhartha’ le léiriú go raibh droch-iarmhairtí nithiúla sa bhreis ann (féach, chuige sin, breithiúnas an 4 Deireadh Fómhair 2024, *Agentsia po vpisvaniyata*, C-200/23, EU:C:2024:827, míreanna 145, 150 go 156 agus an cásdlí dá dtagraítear).

61 Ar an tríú dul síos, rialaigh an Chúirt cheana féin, gur féidir gur ‘damáiste neamhábhartha’, de réir bhrí Airteagal 82(1) de RGCS, inti féin an eagla ar an ábhar sonraí go mbainfí mí-úsáid as a shonraí pearsanta sa todhchaí, i ndiaidh sárú ar RGCS, ar an gcoinníoll gur cruthaithe mar is cóir an eagla sin agus a droch-iarmhairtí, mar a bhíonn le fíorú ag an gcúirt náisiúnta a thugtar cás os a comhair (féach, chuige sin, breithiúnais an 20 Meitheamh 2024, *PS (Seoladh mícheart)*, C-590/22, EU:C:2024:536, míreanna 32, 35 agus 36, agus an 4 Deireadh Fómhair 2024, *Agentsia po vpisvaniyata*, C-200/23, EU:C:2024:827, míreanna 143, 144 agus 155 agus an cásdlí dá dtagraítear).

62 Mar sin, cé gur féidir na mothúcháin arna lua ag an gcúirt a rinne an tarchur, go háirithe eagla nó míshásaimh, a bheith ar ghnáthrioscaí an tsaoil laethúil chomh maith mar a thug an chúirt sin faoi deara í féin, d’fhéadfadh a leithéid de mhothúcháin dhiúltacha a bheith ina ‘ndamáiste neamhábhartha’, de réir bhrí Airteagal 82(1) de RGCS, ar an gcoinníoll, i gcomhréir le ceanglas an naisc chúisíoch arna thabhairt chun cuimhne i mír 56 den bhreithiúnas seo, go léiríonn an t-ábhar sonraí go bhfuil a leithéid de mhothúcháin agus a ndroch-iarmhairtí air, go díreach de dheasca an tsáraithe i gceist ar an Rialachán sin, ar nós chur ar aghaidh neamhúdaraithe a shonraí pearsanta chuig tríú páirtí is cúis le riosca go mbainfí mí-úsáid astu, mar atá le measúnú ag an gcúirteanna náisiúnta a thugtar cásanna os a gcomhair.

63 Ar an gceathrú dul síos agus faoi dheireadh, tá an léiriú sin i gcomhréir le focail Airteagal 82(1) de RGCS, arna léamh i bhfianaise aithrisí 85 agus 146 den Rialachán sin, ar dá réir a bhfuil tuiscint fhairsing le baint as an gcoincheap ‘damáiste neamhábhartha’, de réir bhrí Airteagal 82(1) sin. Thairis sin, cuirtear tacaíocht leis trí chuspóir an Rialacháin sin, de réir Airteagal 1 agus aithrisí 1 agus 10 de, arb é atá ann ná ardchosaint a cinntiú do dhaoine nádúrtha i ndáil le próiseáil sonraí

pearsanta (féach, de réir analaí, breithiúnais an 14 Nollaig 2023, *Gemeinde Ummendorf*, C-456/22, EU:C:2023:988, míreanna 19 agus 20 agus an 4 Deireadh Fómhair 2024, *Agentsia po vpisvaniyata*, C-200/23, EU:C:2024:827, míreanna 144 agus 146).

64 I bhfianaise na mbreithnithe roimhe seo, an freagra atá le tabhairt ar an gceathrú ceist ná go bhfuil Airteagal 82(1) de RGCS le léiriú sa chaoi go mbaineann an coincheap 'damáiste neamhábhartha' atá san fhoráil sin mothúcháin dhiúltacha ar an ábhar sonraí i ndiaidh a shonraí pearsanta a chur ar aghaidh go neamhúdaraithe chuig tríú páirtí, ar nós eagla nó míshásaimh, is cúis leo smacht a chailleadh ar na sonraí sin, mí-úsáid fhéideartha a bhaint astu nó béim ar a chlú, ar an gcoinníoll go léiríonn an t-ábhar sonraí go bhfuil a leithéid de mhothúcháin agus a ndroch-iarmhairtí air, de dheasca an tsáraithe i gceist ar an Rialachán sin.

An cúigiú ceist

65 Trína ceathrú ceist, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an bhfuil Airteagal 82(1) de RGCS le léiriú sa chaoi go gceadaítear méid tromchúise na héagóra arna déanamh a chur san áireamh chun críocha measúnú a dhéanamh ar chúiteamh an damáiste neamhábhartha atá dlite de réir Airteagal 82(1) sin.

66 I dtaca leis sin, de réir chásdlí na Cúirte, ós rud é nach bhfuil forálacha in RGCS trína bhféachtar leis na rialacha a shainiú a bhaineann leis an measúnú ar an damáiste atá dlite de réir an chirt ar chúiteamh a chumhdaítear in Airteagal 82 den Rialachán sin, ní mór do na cúirteanna náisiúnta, chuige sin, rialacha inmheánacha gach Ballstáit maidir le méid an chúitimh airgid a chur i bhfeidhm, ar an gcoinníoll go bhfuil prionsabail an chomhionannais agus na éifeachtacht dhlí an Aontais á gcomhlíonadh (féach, chuige sin, breithiúnais an 4 Bealtaine 2023, *Österreichische Post (Damáiste neamhábhartha a bhaineann le próiseáil sonraí pearsanta)*, C-300/21, EU:C:2023:370, míreanna 54 agus 59; agus an 4 Deireadh Fómhair 2024, *Patērētāju tiesību aizsardzības centrs*, C-507/23, EU:C:2024:854, mír 32).

67 Sa chás seo, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur an féidir méid tromchúise na héagóra ag déantóir an damáiste, atá ina chritéar i ndlí na Gearmáine le measúnú a dhéanamh ar chúiteamh airgid na ndamáistí neamhábhartha, a chur i bhfeidhm maidir le héiric damáiste neamhábhartha de bhun Airteagal 82 de RGCS.

68 De réir bhreithiúnais na Cúirte, a fógraíodh roinnt acu i ndiaidh thionscnamh na hiarrata seo ar réamhrialú, ní mór freagra diúltach a thabhairt ar an gcúigiú ceist seo.

69 Go deimhin, rialaigh an Chúirt, i bhfianaise na feidhme cúití atá leis an gceart ar chúiteamh dá bhforáiltear in Airteagal 82 de RGCS, nach mór do na cúirteanna náisiúnta 'cúiteamh iomlán agus éifeachtach' an damáiste arna fhulaingt a chinntiú, mar a luaitear in aithris 146 den Rialachán sin, gan gá a bheith ann, chun críocha a leithéid de lánchúiteamh, le hordú go n-íocfaí damáistí pionósacha (féach, chuige sin, breithiúnais an 4 Bealtaine 2023, *Österreichische Post (Damáiste neamhábhartha a bhaineann le próiseáil sonraí pearsanta)*, C-300/21, EU:C:2023:370, míreanna 57 agus 58; agus an 4 Deireadh Fómhair 2024, *Patērētāju tiesību aizsardzības centrs*, C-507/23, EU:C:2024:854, mír 34).

70 Murab ionann agus a bhfuil á fhoráil in Airteagal 83 de RGCS maidir le fíneálacha riaracháin, nach infheidhme *mutatis mutandis* a gcritéir i gcomhthéacs Airteagal 82 den Rialachán sin, ní dhéantar feidhm atá athchomhairleach nó pionósach ach feidhm atá cúiteach amháin leis an gceart ar chúiteamh dá bhforáiltear in Airteagal 82 sin, go háirithe i gcás damáiste neamhábhartha, sa

mhéid nach mór an dochar arna fhulaingt go nithiúil de dheasca an tsáraithe ar an Rialacháin sin a bheith inchúitithe ina iomláine (féach, chuige sin, breithiúnais an 4 Deireadh Fómhair 2024, *Agentsia po vpisvaniyata*, C-200/23, EU:C:2024:827, mír 153, agus an 4 Deireadh Fómhair 2024, *Patērētāju tiesību aizsardzības centrs*, C-507/23, EU:C:2024:854, míreanna 39 go 41).

71 Mar sin, ar an gcéad dul síos, tá dliteanas an rialaitheora de bhun Airteagal 82 de RGCS faoi réir faillí a bheith déanta ag an rialaitheoir, agus glactar leis go ndearna sé faillí, mura léiríonn sé nach bhfuil an teagmhas is cúis leis an damáiste inchurtha ina leith ar chor ar bith agus, ar an dara dul síos, ní cheanglaítear le hAirteagal 82 go gcuirfear san áireamh leibhéal tromchúise na faillí sin agus méid na ndamáistí a thugtar chun an damáiste neamhábhartha a chúiteamh ar bhonn na forála sin á shocrú (breithiúnais an 4 Deireadh Fómhair 2024, *Agentsia po vpisvaniyata*, C-200/23, EU:C:2024:827, mír 154).

72 Le bheith níos cruinne faoi, leis an bhfeidhm atá ag an gceart chun cúitimh dá bhforáiltear in Airteagal 82(1) de RGCS, ar feidhm í atá cúiteach go heisiach, cuirtear cosc ar dhéine agus cineál féideartha an tsáraithe a rinne an rialaitheoir ar an Rialachán sin d'aon ghnó a chur san áireamh chun damáiste a chúiteamh dá bhun sin. Tugtar le tuiscint uaidh sin, i gcomhthéacs na forála sin, go gcuirtear cosc leis ar mheon agus spreagadh an rialaitheora a chur san áireamh chun, i gcás inarb ábhartha, cúiteamh a dhámhachtain don ábhar sonraí atá níos ísle ná an damáiste a d'fhulaing sé nó sí, bíodh sin ó thaobh mhéid nó fhoirm a leithéid de chúiteamh (féach, chuige sin, breithiúnas an 4 Deireadh Fómhair 2024, *Patērētāju tiesību aizsardzības centrs*, C-507/23, EU:C:2024:854, míreanna 42 go 45 agus an cásdlí dá dtagraítear).

73 I bhfianaise na mbreithnithe roimhe seo, an freagra atá le tabhairt ar an gcúigiú ceist ná go bhfuil Airteagal 82(1) de RGCS le léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc ar mhéid tromchúise na héagóra arna déanamh a chur san áireamh chun críocha measúnú a dhéanamh ar chúiteamh an damáiste neamhábhartha atá dlite de réir an Airteagail sin.

An séú ceist

74 Cuirtear an séú ceist ar an gCúirt sa chás féideartha ina dtabharfadh an Chúirt freagra dearfach ar cheann de chodanna den chéad cheist nó don tríú ceist, is é sin ina mbeadh sé le cinneadh, go bunúsach, go n-aithnítear le RGCS ceart éileamh ar an rialaitheoir staonadh ó athshárú ar shonraí pearsanta feasta, chun sochar an ábhair sonraí, go díreach de réir fhorálacha RGCS nó trí bhíthin chur i bhfeidhm na bhforálacha náisiúnta arna gceadú leis an Rialachán sin. I bhfianaise an fhreagra arna thabhairt ar an gcéad cheist go dtí an tríú ceist araon, atá i mír 52 den bhreithiúnas seo, ní mór freagra a thabhairt ar an séú ceist seo.

75 Ar mhaithe le cuspóir an séú ceist a shainiú, tugann an chúirt a rinne an tarchur le fios, de réir dhlí na Gearmáine agus a cásdlí féin, gur féidir a chur san áireamh gur iarr, nó fiú go bhfuair duine a d'fhulaing damáiste neamhábhartha urghaire staonadh ó ghníomhartha díobhálacha a dhéanamh in athuair, le laghdú a dhéanamh, fiú cosc a chur, ar éiric airgid sa damáiste sin. Fiafraíonn sí an féidir an critéar measúnaithe ar chúiteamh an damáiste a chur i bhfeidhm chomh maith i gcomhthéacs RGCS, go háirithe i bhfianaise phrionsabal éifeachtacht dhlí an Aontais, agus, más féidir, fiafraíonn sí faoina mhéid gur féidir léi amhlaidh a dhéanamh.

76 Mar sin, trína ceist, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an bhfuil léiriú le déanamh ar Airteagal 82(1) de RGCS sa chaoi gur féidir a chur san áireamh go bhfuair an t-ábhar sonraí, de réir an dlí náisiúnta is infheidhme, urghaire go staonfaí ó athshárú ar an Rialachán sin, atá is incheangailte ar an rialaitheoir, ar mhaithe le méid an chúitimh airgid i ndamáiste neamhábhartha atá dlite de réir Airteagal 82(1) sin, fiú leis an gcúiteamh sin a athchur.

77 I dtaca leis sin, is tábhachtach a thabhairt chun cuimhne, mar atá luaite i mír 66 den bhreithiúnas sin, nach bhfuil forálacha in RGCS lena sainítear na rialacha maidir le measúnú a dhéanamh ar na damáistí a bhíonn dlite de réir Airteagal 82 den Rialachán, ar dá réir nach mór do na cúirteanna náisiúnta, chuige sin, rialacha inmheánacha gach Ballstáit a chur i bhfeidhm a bhaineann le méid an chúitimh airgid, de réir chomhlíonadh phrionsabail chomhionannas agus éifeachtúlacht dhlí an Aontais.

78 Go sonrach, ní mór a chur i dtreis go bhfuil cúiteamh iomlán agus éifeachtach as an damáiste a d'fhulaing an t-ábhar sonraí i ndiaidh sárú ar an Rialachán sin le bheith inchinntithe trí chritéir mheasúnaithe an chúitimh atá dlite ó thaobh caingne trína bhféachtar leis na cearta a chosaint a bhíonn ag daoine de réir Airteagal 82 de RGCS, ar critéir iad a shocraítear i ndlíchórais gach Ballstáit (féach, chuige sin, breithiúnais an 4 Deireadh Fómhair 2024, *Agentsia po vpisvaniyata*, C-200/23, EU:C:2024:827, mír 152, agus an 4 Deireadh Fómhair 2024, *Patērētāju tiesību aizsardzības centrs*, C-507/23, EU:C:2024:854, mír 34 agus an cásdlí dá dtagraítear).

79 Tá glactha ag an gCúirt leis cheana féin, de réir srianta phrionsabal na héifeachtachta, gur féidir tionchar a imirt trí imthosca áirithe ar an measúnú ar an gcúiteamh a bhíonn dlite de réir Airteagal 82 de RGCS, go háirithe chun an cúiteamh sin a theorannú. Rialaigh sí, i gcás nach bhfuil an damáiste a rinneadh don ábhar sonraí tromchúiseach, go bhféadfaidh cúirt éiric íosta a thabhairt don duine sin, ar choinníoll go bhfuil an méid beag damáistí a dheonaítear amhlaidh de chineál chun an damáiste sin a fhritháireamh go hiomlán, ar damáiste é atá le fáil amach ag an gcúirt sin. A dhála sin, d'féadfadh leithscéal a thabhairt a bheith ina chúiteamh leordhóthanach as damáiste neamhábhartha de bhun Airteagal 82, *inter alia*, i gcás nach bhféadfaí cúinsí a chur ar ais mar a bhí sula ndearnadh an damáiste, sa mhéid gur féidir an dochar a chúiteamh ina iomláine leis an bhfoirm chúitimh sin, sa mhéid go bhforáiltear dó leis an dlí náisiúnta (féach, chuige sin, breithiúnas an 4 Deireadh Fómhair 2024, *Patērētāju tiesību aizsardzības centrs*, C-507/23, EU:C:2024:854, míreanna 35 go 37 agus an cásdlí dá dtagraítear).

80 Sa chás seo, féachtar tríd an gceist arna cur le cinneadh, i raon feidhme Airteagal 82 de RGCS, an féidir le cúirt náisiúnta a chur san áireamh go bhfuil urghaire choisctheach chun sochair an ábhair sonraí le laghdú a dhéanamh ar an damáiste is indeonaithe don duine sin ó thaobh damáiste neamhábhartha, ar dá réir, i gcleachtas, a d'ordódh an chúirt sin go gcúiteofaí a leithéid de dhamáiste go páirteach trí airgead agus go páirteach tríd an ordú sin, nó fiú nó tríd an ordú sin amháin.

81 De réir an chásdlí arna lua i míreanna 78 agus 79 den bhreithiúnas seo, áfach, ní féidir a mheas go bhfuil foirm chúitimh dá bhforáiltear leis an dlí náisiúnta infheidhme i gcomhréir le RGCS ach ar an gcoinníoll go gcomhlíontar leis an bhfoirm sin prionsabail chomhionannas agus éifeachtacht dhlí an Aontais, ar dá réir a thugtar le tuiscint, *inter alia*, gur féidir cúiteamh iomlán agus éifeachtach a chinntiú leis sa dochar arna fhulaingt ag an ábhar sonraí.

82 Go sonrach, ní indeonaithe cúiteamh atá dlite de réir Airteagal 82 den Rialachán sin, go páirteach nó ina iomláine, mar urghaire choisctheach, ós rud é go ndéantar feidhm a bhíonn cúiteach amháin leis an gceart ar chúiteamh i ndamáiste dá bhforáiltear in Airteagal 82 sin, mar a thugtar

chun cuimhne i mír 70 den bhreithiúnas seo, fad nach mbíonn ach aidhm choisctheach le hurghaire choisctheach i gcoinne dhéantóir an damáiste. Go deimhin, mar a luaigh an tAbhcóide Ginearálta, go bunúsach, i mír 86 dá Thuairim, féachtar trí urghaire dá leithéid le cosc a chur leis an iompar ba chúis leis an damáiste a athdhéanamh, ar mhaithe le damáistí in athuair a sheachaint, ach ní chúitítear leis an damáiste arna fhulaingt cheana féin ag an ábhar sonraí.

83 I bhfianaise na mbreithnithe roimhe seo, an freagra atá le tabhairt ar an séú ceist ná go bhfuil léiriú le déanamh ar Airteagal 82(1) de RGCS sa chaoi go gcuirtear cosc leis ar a chur san áireamh go bhfuair an t-ábhar sonraí, de réir an dlí náisiúnta is infheidhme, urghaire go staonfaí ó athshárú ar an Rialachán sin, is incheangailte ar an rialaitheoir, ar mhaithe le méid an chúitimh airgid i ndamáiste neamhábhartha atá dlite de réir an Airteagal sin a laghdú nó, *a fortiori*, fiú leis an gcúiteamh sin a athchur.

Costais

84 Os rud é, a mhéid a bhaineann sé leis na páirtithe sna príomhimeachtaí, go bhfuil na himeachtaí mar chéim sa chás os comhair na cúirte a rinne an tarchur, baineann ceist na gcostas leis an gcúirt sin. Níl na costais a tabhaíodh trí bharúlacha a chur faoi bhráid na Cúirte, seachas costais na bpáirtithe sin, inghnóthaithe.

Ar na forais sin, rialaíonn an Chúirt (an Ceathrú Dlísheomra) mar seo a leanas:

1. **Maidir le forálacha Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí),**

   ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

   ní fhoráiltear leo go bhfuil forálacha RGCS le léiriú sa chaoi nach bhforáiltear leo go bhfuil ag ábhar sonraí próiseála mídhleathaí sonraí pearsanta, i gcás nach n-iarrann an duine sin go léirscriosfaí a shonraí, leigheas breithiúnach ar dá réir arb infhaighte aige urghaire ar bhonn coisctheach lena gceanglófaí ar an rialaitheoir staonadh ó athphróiseáil mhídhleathach sa todhchaí. Ní choisctear, trí na forálacha sin, áfach, ar Bhallstáit foráil do leigheas dlí dá leithéid ina ndlíchórais féin.

2. **Maidir le hAirteagal 82(1) de Rialachán 2016/679,**

   ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

   baineann an coincheap 'damáiste neamhábhartha' atá san fhoráil sin mothúcháin dhiúltacha ar an ábhar sonraí i ndiaidh a shonraí pearsanta a chur ar aghaidh go neamhúdaraithe chuig tríú páirtí, ar nós eagla nó míshásaimh, is cúis leo smacht a chailleadh ar na sonraí sin, mí-úsáid fhéideartha a bhaint astu nó béim ar a chlú, ar an gcoinníoll go léiríonn an t-ábhar sonraí go bhfuil a leithéid de mhothúcháin agus a ndroch-iarmhairtí air, de dheasca an tsáraithe i gceist ar an Rialachán sin.

3. **Maidir le hAirteagal 82(1) de Rialachán 2016/679,**

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

cuirtear cosc leis ar mhéid tromchúise na héagóra arna déanamh a chur san áireamh chun críocha measúnú a dhéanamh ar chúiteamh an damáiste neamhábhartha atá dlite de réir an Airteagail sin.

4. Maidir le hAirteagal 82(1) de Rialachán 2016/679,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

cuirtear cosc leis ar a chur san áireamh go bhfuair an t-ábhar sonraí, de réir an dlí náisiúnta is infheidhme, ordú go staonfaí ó athshárú ar an Rialachán sin, is incheangailte ar an rialaitheoir, ar mhaithe le méid an chúitimh airgid i ndamáiste neamhábhartha atá dlite de réir an Airteagal sin nó, *a fortiori*, fiú leis an gcúiteamh sin a athchur.

Sínithe